**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Biedrība "Latvijas Informācijas un komunikācijas tehnoloģijas asociācija"

*Cosantóir:* Valsts ieņēmumu dienests

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An gcaithfear Airteagal 9(1) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha [1] a léiriú sa chaoi nach mór eagraíocht neamhbhrabúis a bhfuil sé de chuspóir lena gníomhaíochtaí scéimeanna státchabhrach arna maoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a chur chun feidhme a mheas mar dhuine inchánach a chuireann gníomhaíocht eacnamaíoch i gcrích?

2) An gcaithfear Airteagal 28 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a léiriú sa chaoi nach mór eagraíocht nach soláthraíonn seirbhísí oiliúna a mheas, d'ainneoin sin, mar a bheith ionann le soláthróir na seirbhíse nuair a fuarthas na seirbhísí ó oibreoir eacnamaíoch eile chun cur chun feidhme scéime státchabhrach arna maoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a cheadú?

3) Mura bhfaigheann soláthróir na seirbhíse ach comaoin pháirteach ó fhaighteoir na seirbhíse don tseirbhís a soláthraíodh (30 %) ach go gcumhdaítear an chuid eile de luach na seirbhíse le híocaíocht den chabhair ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an ionann an chomaoin inchánach, i gcomhréir le hAirteagal 73 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, agus an méid iomlán a fhaigheann soláthróir na seirbhíse ó fhaighteoir na seirbhíse agus ó thríú páirtí i bhfoirm íocaíocht den chabhair araon?

(1) IO 2006 L 347, lch. 1.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Amtsgericht Groß-Gerau (an Ghearmáin) a taisceadh an 23 Feabhra 2023 – PU v SmartSport Reisen GmbH**

**(Cás C-108/23, SmartSport Reisen)**

(2023/C 173/28)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Amtsgericht Groß-Gerau

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* PU

*Cosantóir:* SmartSport Reisen GmbH

**An cheist a tharchuirtear**

An gcaithfear Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2015 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála [1] a léiriú sa chiall go leagtar síos leis an bhforáil sin, in éineacht leis an riail maidir le dlínse idirnáisiúnta, riail nach mór don chúirt a bhfuil na himeachtaí os a comhair a chur san áireamh maidir le dlínse chríche na gcúirteanna náisiúnta in ábhair a bhaineann le conarthaí taistil i gcás ina bhfuil a suíomh sa Bhallstát céanna ag an tomhaltóir, mar thaistealaí, agus ag a pháirtí conarthach, mar thionscnóir turas, ach nach bhfuil ceann scríbe an turais sa Bhallstát sin ach i dtír eile agus, mar thoradh air sin, go bhfuil an tomhaltóir in ann éilimh chonarthacha a dhéanamh i gcoinne an tionscnóra turais, mar fhorlíonadh ar na forálacha náisiúnta, sa chúirt dá áit chónaithe?

(1) IO 2012 L 351, lch. 1.